



Foirm um Achomharc chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála

Más mian leat achomharc a dhéanamh maidir le teagmhas teanntála/athlonnaithe feithicle chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála, comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais í trí chasadh an phoist chuig:

**An Rannán um Rialáil Teanntála,
An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
An Chéad Urlár,
Dún Scéine,
Cúirt Uíbh Eachach,
Lána Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.**

nó seol ar ais í trí ríomhphost chuig:-

clampingregulation@nationaltransport.ie

Leagan: Meitheamh 2021
Tá Leagan Béarla ar fáil ach é a iarraidh

Nótaí maidir le hachomharc dara céim a chur isteach chuig Oifigeach Achomhairc Teanntála

1. Níor cheart an fhoirm seo a chur isteach amháin i gcás go ndearnadh achomharc chuig an rialaitheoir páirceála cheana féin agus go bhfuil tú míshásta leis an toradh. Ní fhéadfaidh an tOifigeach Achomhairc Teanntála cinneadh a dhéanamh ar aighneacht ach amháin i gcás gur tugadh an t-achomharc céadchéime chuig an rialaitheoir páirceála chun críche.
2. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a bheith faighte ag an Údarás Náisiúnta Iompair laistigh de 30 lá ón dáta ar a bhfuair tú cinneadh an rialaitheora páirceála ar d'achomharc céadchéime.
3. Ba cheart an fhoirm a chomhlánú ina hiomláine agus ní mór síniú bunaidh a bheith ar fáil inti. Má chuirtear isteach foirm atá neamhiomlán, foirm nach gcuimsítear síniú bunaidh inti nó aighneacht a gcuimsítear faisnéis mhíchruinn inti, is féidir go gcuirfear cosc ar ghluaisteanaithe an próiseas achomhairc dara céim a rochtain.
4. Ní mór na cúiseanna uile leis an achomharc a leagan amach san fhoirm. Féadfaidh tú leathanaigh bhreise a chur léi mura bhfuil dóthain spáis ann ar an bhfoirm le haghaidh na faisnéise ar fad ba mhaith leat a sholáthar mar thaca le d'achomharc.
5. Má chuireann tú an fhoirm seo isteach chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála, beidh tú ag tabhairt toiliú don Údarás Náisiúnta Iompair agus don Oifigeach Achomhairc Teanntála taifid, íomhánna, sonraí agus comhaid an rialaitheora páirceála lena mbaineann a rochtain, a léamh agus a bhreithniú, a mhéid a bhaineann siad leis na nithe is ábhar don achomharc (lena n-áirítear ábhar a bhaineann le d'achomharc céadchéime), agus beidh tú ag tabhairt toiliú don Údarás Náisiúnta Iompair teagmháil a dhéanamh leat, de réir mar is gá, chun breithniú d'achomhairc a éascú. Más ann do mhodh teagmhála nár mhaith leat go mbainfeadh an tÚdarás Náisiúnta Iompair leas as agus é ag déanamh teagmháil leat, sonraigh é sin go soiléir sa roinn "Forais Achomhairc" den fhoirm.
6. Ba cheart na doiciméid tacaíochta ábhartha uile a bheith ag gabháil leis an bhfoirm seo (ní ghlacfar ach le cóipeanna). Agus faisnéis tacaíochta á cur isteach chuig clampingregulation@nationaltransport.ie, ba cheart don achomharcóir a thabhairt faoi deara nach nglacfar ach leis na formáidí comhaid seo a leanas: JPEG, GIF, ING, IMG, MP3, MP4, MOV, PDF, PNG, DOCX & MSG. Féadfar glacadh le meáin iniompartha freisin, faoi réir na mbeart frithviris cuí. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndiúltóidh freastalaí ríomhphoist an Údaráis Náisiúnta Iompair go huathoibríoch do ríomhphoist a gcuimsítear comhaid i bhformáid EXE, DLL nó MSI iontu. Diúltóidh

freastalaí an Údarás Náisiúnta Iompair freisin do ríomhphoist a gcuimsítear ríomhphoist eile iontu. Iarrtar ar an achomharcóir a chinntiú go bhfuil comhaid ceangailte le haighneachtaí ríomhphoist agus nach bhfuil siad leabaithe isteach iontu. Cuirtear in iúl don achomharcóir freisin gurb é 35 MB an uasmhéid comhaid iomlán ar féidir leis an Údarás Náisiúnta Iompair glacadh léi in aon ríomhphost amháin (is é sin le rá nach féidir méid iomlán an ríomhphoist agus aon chomhaid atá ceangailte leis a bheith níos mó ná 35 MB). **Ní ghlacann an tÚdarás Náisiúnta Iompair le freagracht ar bith as mainneachtain aighneachtaí nach gcloíonn leis na treoirlínte TF seo a fháil.**

7. Tá na nithe seo a leanas ina samplaí de dhoiciméid a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do d'achomharc (ní liosta uileghabhálach é seo): ráiteas finné, litir ó dhochtúir, ó chlinic nó ó ospidéal, cóip de shuaitheantas míchumais (an dá thaobh), litir ó gharáiste, litir ó Gharda, grianghraif arna dtógáil agat (luaigh an dáta agus an t-am), taifeadtaí físe, ticéid pháirceála, admhálacha páirceála, léarscáileanna, pleananna.

Foirm um Achomharc chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála

Céadainm: _____ Sloinne: _____

Seoladh Poist (lena n-áirítear d'Éirchód/do Chód Poist):

Seoladh Ríomhphoist:

Maidir le cinneadh an achomhairc seo, ar mhaith leat comhfhreagras a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Iompair trí ríomhphost (cuir tic le ceann amháin)?

Ba mhaith

Níor mhaith

Uimhir Theagmhála:

Cláruimhir Feithicle (na feithicle teanntáilte/athlonnaithe):

Dáta an Fhorfheidhmithe/Dáta an Fhógra Teanntála:

An láthair ina raibh an fheithicil páirceáilte:

Ainm an Rialaitheora Páirceála (is é sin an chuideachta a rinne d’fheithicil a theanntáil nó a athlonnú):

Fógra Teanntála/ Fógra Forfheidhmiúcháin/ Uimhir Doghluaiseachta:

An bhfuil sé amhlaidh gur athlonnaíodh an fheithicil (gur aistrigh an rialaitheoir páirceála í chuig láthair eile)? – cuir tic le ceann amháin Tá Níl

Má tá, sonraigh an láthair ar athlonnaíodh an fheithicil chuici:

Méid an táille as Scaoileadh Teanntáin/ Athlonnú:

An Cion Líomhnaithe mar a shonraítear ar an bhFógra Teanntála (i.e. an chúis le teanntáil):

Dáta na ‘Litreach Cinnidh’ a fuarthas ón Rialaitheoir Páirceála tar éis an achomhairc céadchéime:

Ní mór cóip den ‘Litir Chinnidh’ a fuair tú ón Rialaitheoir Páirceála tar éis d’achomhairc céadchéime a chur ar áireamh

An dáta **ar a bhfuair tú**¹ an ‘Litir Chinnidh’ thuasluaite ón Rialaitheoir Páirceála (más éagsúil lena bhfuil thuas):

¹ Tabhair faoi deara nach mór d’achomharc dara céim a bheith faighte ag an Údarás Náisiúnta Iompair laistigh de 30 lá ón dáta sin.

Liosta de na Doiciméid faoi lámh (ná cuir ach cóipeanna faoi lámh – ní thabharfar na cóipeanna bunaidh ar ais):

1. Cóip den ‘Litir Chinnidh’ a fuair tú ón rialaitheoir páirceála tar éis d’achomhairc céadchéime. (Ní mór an comhfhreagras sin a chur ar áireamh i d’achomharc.)
2.
3.
4.

Tabhair faoi deara: má chuirtear grianghraif ar áireamh, luaigh an dáta agus an t-am ar ar tógadh iad mura bhfuil an fhaisnéis sin priontáilte ar na híomhánna.

Dearbhú:

Is mian liom achomharc a dhéanamh chuig an Oifigeach Achomhairc Teanntála i gcoinne chinneadh an rialaitheora páirceála ar an teagmhas forfheidhmithe seo. Chuir mé na cúiseanna uile le m’achomharc ar áireamh agus an fhoirm seo á comhlánú agam. Léigh mé agus thuig mé na nótaí uile (nótaí 1 go 7, agus an dá cheann sin san áireamh) ar an gcéad leathanach eile, an *Nóta maidir le Faisnéis Phearsanta* go díreach thíos faoin mír seo agus an *Fógra Príobháideachta don tSeirbhís um Achomhairc i gcoinne Teanntáil Feithiclí* ag bun na foirme seo.

Nóta maidir le Faisnéis Phearsanta: *Má roghnaíonn tú faisnéis phearsanta a chur isteach chugainn le haghaidh achomhairc, ní bhainfidimid úsáid as an bhfaisnéis sin ach ar aon dul leis an gcuispóir ar sholáthair tú í ina leith. Ní chomhroinnfidimid do shonraí le gníomhaireacht eile ach amháin i gcás go gceanglaítear é leis an dlí chun d’achomharc a phlé. Coinneoidimid do shonraí ar feadh tréimhse trí (3) bliana, ar ina diaidh a scriosfar do shonraí go sábháilte. Tá an ceart agat chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus chun go leasófar sonraí míchruinne fút gan moill mhíchuí (scríobh chuig an [privacy@nationaltransport.ie](mailto:Údarás Náisiúnta Iompair trí ríomhphost chuig <a href=) nó trí chasadh an phoist chuig Dún Scéine, Cúirt Uíbh Eachach, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait ina leith sin nó más mian leat na cearta sin a fheidhmiú). Ní bhailíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair sonraí pearsanta chun críocha tráchtála.*

Sínithe:

Dáta:

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Fógra Príobháideachta don tSeirbhís um Achomhairc i gcoinne Teanntáil Feithiclí

Tá an Fógra Príobháideachta seo á eisiúint ag an Údarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Cúirt Uíbh Eachach, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 (dá dtagraítear **an tÚdarás Náisiúnta Iompair, an tÚdarás, muid/sinn, aon réamhfhocal sa chéad phearsa iolra agus forainm sealbhach na chéad phearsan iolra anseo**).

Soláthraíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair an tseirbhís um achomhairc i gcoinne teanntáil feithiclí (an “tseirbhís”) de réir fhorálacha Chuid 3 den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015. Is é cuspóir an fhógra seo tú a chur ar an eolas faoi na sonraí a bhaineann leat a fhéadfaimid a bhailiú agus a úsáid i ndáil leis an tseirbhís agus faoi na húsáidí a fhéadfaimid a bhaint as sonraí den sórt sin (lena n-áirítear nochtadh do thríú páirtithe).

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin dóigh a mbainimid úsáid as do shonraí pearsanta, seol ríomhphost chugainn ag privacy@nationaltransport.ie. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig ár nOifigeach Cosanta Sonraí ag privacy@nationaltransport.ie freisin.

Na Sonraí Pearsanta a Bhailímid agus a Phróiseálaimid

Bailímid agus próiseálaimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, a mhéid a bhaineann na sonraí sin le d’achomharc teanntála. Is féidir go n-áireofar iad seo a leanas leis na sonraí pearsanta sin:

- d’ainm agus do shonraí teagmhála, lena n-áirítear do sheoladh, d’uimhir theileafóin agus do sheoladh ríomhphoist;
- cláruimhir d’fheithicle;
- mionsonraí faoi cén uair a teanntáladh d’fheithicil agus cén áit ar teanntáladh í;
- faisnéis maidir le teanntáil d’fheithicle agus leis an achomharc tosaigh a fuair tú, agus í faighte ón rialaitheoir páirceála (an chuideachta a theanntáil d’fheithicil); agus
- aon sonraí pearsanta eile a bhaineann leat a sholáthraíonn tú dúinn nó a ghinimid fút i ndáil le d’acomharc

Cuspóirí agus Bunús Dlí na Próiseála

Úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat chun na gcuspóirí seo a leanas:

- próiseáil d’achomhairc teanntála a éascú;
- éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint; agus
- ár bhfeidhmeanna mar údarás poiblí a chur i gcrích agus ár n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh.

Ní bheimid in ann déileáil le d’aighneacht achomhairc mura soláthraíonn tú méid íosta sonraí pearsanta.

Is iad seo a leanas na bunús dlí ar a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta:

- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun freastal ar na cúraimí a chuirimid i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó le linn údarás oifigiúil atá dílsithe dúinn leis an dlí a fheidhmiú, go sonrach ailt 11(2) agus 73 den Acht um

Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, Cuid 3 agus ailt 26 agus 28 den Acht um Theanntáil Feithiclí, 2015, agus Cuid 3 de na Rialacháin um Theanntáil Feithiclí agus Comharthaíocht, 2017; agus

- is gá an phróiseáil a dhéanamh chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil feidhm aici maidir linn a chomhlíonadh.

Faighteoirí Sonraí

Is féidir go nochtfaimid do shonraí pearsanta d’eagraíochtaí eile i ndáil leis na cuspóirí thuas, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Rialaitheoirí páirceála;
- Oibrítheoirí teanntála;
- Soláthraithe TF an Údaráis Náisiúnta Iompair; agus
- údaráis phoiblí eile agus comhlachtaí poiblí eile, amhail an Garda Síochána, ar mhaithe le coireacht a chosc, a imscrúdú nó a bhrath, i gcás go gceanglaítear nó go gceadaítear an méid sin leis an dlí.

Coinneáil

Ní choinneoidimid do shonraí pearsanta níos faide ná mar is gá. Coinneoidimid do shonraí pearsanta fad a theastóidh uainn iad chun na gcuspóirí atá tuairiscithe san Fhógra seo, nó chun ár n-oibleagáidí faoin dlí is infheidhme a chomhlíonadh nó, más ábhartha, chun déileáil le haon éileamh nó díospóid a eascróidh idir tú féin agus an tÚdarás.

Chinn an tÚdarás Náisiúnta Iompair go gcoinneofaí sonraí pearsanta a bhaineann le hachomhairc i gcoinne teanntáil feithiclí ar feadh tréimhse nach faide ná trí (3) bliana ó rinneadh an cinneadh deiridh ar an achomharc.

Do chearta

In imthosca áirithe agus faoi réir srianta áirithe, tá na cearta seo a leanas agat i ndáil le do shonraí pearsanta:

- an ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta;
- an ceart chun a iarraidh go gceartófaí agus/nó go léirsciosfaí do shonraí pearsanta (níl léirsciosadh ar fáil i gcás go ndearnadh cinneadh ar achomharc);
- an ceart chun srian a chur le húsáid do shonraí pearsanta;
- an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta; agus

Dá mba mhaith leat aon cheann de na cearta atá leagtha amach thuas a fheidhmiú, seol ríomhphost chugainn ag privacy@nationaltransport.ie.

Nuashonruithe

Is féidir go nuashonróimid an beartas seo ó am go chéile. Molaimid duit an beartas seo a athbhreithniú go tréimhsiúil chun an fhaisnéis is déanaí a fháil faoinár gcleachtais phríobháideachta.

Gearáin

Mura bhfuil tú sásta leis an dóigh a n-úsáidimid do shonraí pearsanta, leis an dóigh a n-éascaímid do chearta nó leis an dóigh a gcomhlíonaimid ár n-oibleagáidí faoin dlí cosanta sonraí is infheidhme, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig info@dataprotection.ie.